Parlaimint na hEorpa
2024-2029

TÉACSANNA ARNA nGLACADH

P10_TA(2026)0172

An Ciste Taighde um Ghual agus Cruach: clár taighde agus treoirlínte ilbhliantúla teicniúla agus airgeadais

Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 19 Bealtaine 2026 maidir leis an dréachtchinneadh ón gComhairle maidir le glacadh Chlár Taighde an Chiste Taighde um Ghual agus Cruach, maidir leis na treoirlínte teicniúla ilbhliantúla le haghaidh an chláir sin, maidir leis na treoirlínte airgeadais ilbhliantúla le haghaidh bhainistiú shócmhainní an Chiste Taighde um Ghual agus Cruach, agus lena n-aisghairtear Cinntí 2003/77/CE agus 2008/376/CE (06417/2026 – C10-0063/2026 – 2025/0398(NLE))

(Comhairliúchán)

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don dréacht ón gComhairle (06417/2026),

– ag féachaint don dara mír d'Airteagal 2 de Phrótacal Uimh. 37 maidir leis na hiarmhairtí airgeadais toisc Conradh CEGC a dhul in éag agus maidir leis an gCiste Taighde um Ghual agus Cruach, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus an Conradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá bhun a chuaigh an Chomhairle i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa (C10-0063/2026),

– ag féachaint do Riail 84 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh (A10-0130/2026),

1. ag formheas an dréachta ón gComhairle;

2. á iarraidh ar an gComhairle fógra a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa má tá sé ar intinn aici imeacht ón téacs atá formheasta ag Parlaimint na Eorpa;

3. á iarraidh ar an gComhairle dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa má tá sé ar intinn aici an téacs atá formheasta ag Parlaimint na hEorpa a leasú go substaintiúil;

4. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún.